An Coimisiún Eorpach

Foraoiseacht agus lománú agus fíricí agus figiúirí

Rialachán Adhmaid an Aontais Eorpaigh (EUTR)

- Ta limistéar foraoise iomlán an domhain tuairim is 4 bhilliún heicteár (ha) ar méid. Is ionann sin agus tuairim is 0.6 ha in aghaidh an áitritheora.[1]
- Cailleadh tuairim is 13 mhilliún heicteár (ha) d'fhoraois in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2000-2010, i gcomparáid le 16 mhilliún ha a cailleadh le linn na tréimhse 1990-2000.[2]
- Soláthraíonn foraoiseacha agus crainn ioncam €180 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana as adhmad, adhmad breosla agus as táirgí foraoise nach táirgí adhmaid iad.[3]
- Braitheann 1.3 bhilliún duine de bhoicht an domhain ar fhoraoiseacha chun cuid dá slite beatha nó iomlán díobh a bhaint amach: 630 milliún feirmeoir foraoise mósáice, 430 milliún duine i bpobail ar theorainneacha foraoise agus 200 milliún ar cónaitheoirí foraoise dúchasacha iad go príomha.[4]
- I 2011 ba é breis agus €108 billiún luach na trádála domhanda i dtáirgí adhmaid príomhúla. Rinne an AE 35% den trádáil seo (€37.8 billiún) agus rinneadh laistigh dá theorainneacha í.[5]
- Ba adhmad trópaiceach é 13% (dar luach €27 billiún é) d'allmhairí adhmaid san AE i 2010.[6]
- Is acmhainn ríthábhachtach é adhmad i ngeilleagar tíortha áirithe. Is ionann a luach agus suas go 40% dá dtuillimh ó onnmhairí. I roinnt tíortha san Afraic Láir is í an earnáil fhoraoiseachta an earnáil is mó a thugann poist do dhaoine lasmuigh de riarachán poiblí.[7]
- Measadh go gcaillfear €7 mbilliún in aghaidh na bliana go domhanda mar thoradh ar lománaíocht neamhdhleathach[8], arb iad dleachtanna agus cáin atá caillte ag na rialtais leathchuid de, gan trácht ar na caillteanais maidir le seirbhísí éiceachórais.
- Meastar go bhfuil lománaíocht neamhdhleathach ina cúis le hísliú 7-16% ar phraghsanna táirgí foraoise.[9]
- Imríonn lománaíocht neamhdhleathach tionchar díobhálach ar ghnóthais fhoraoiseachta bheaga agus mheánmhéide i dtíortha atá i mbéal forbartha, gnóthais a fhostaíonn na milliúin daoine.[10]
- Idir 2000 agus 2008 cailleadh 1.08 heicteár (ha) den gclúdach foraoise i Sumatra agus i Kalimantan san Indinéis de thoradh lománaíochta neamhdhleathaí.[11]
- De réir an WWF táirgtear 73% d'adhmaid na hIndinéise trí lománaíocht neamhdhleathach; baineadh 25% d'onnmhairí adhmaid na Rúise go neamhdhleathach agus meastar go bhfuil 70% d'adhmad a baineadh sa Ghabúin neamhdhleathach.[12]
- De réir an WWF tá an AE faoi deara caillteanas ioncaim €3 bhilliún, nach mór, go domhanda mar thoradh ar a chuid trádála le tíortha in Abhantrach na hAmasóine, in Abhantrach Chongó agus san Afraic Thoir agus leis na Stáit Bhaltacha, an Indinéis agus an Rúis. [13]

1 FAO – Forest resources assessment 2010 (i Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan)
2 FAO – Forest resources assessment 2010 (i Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan)
3 FAO – Forest resources assessment 2010 (i Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan)
4 FAO – Forest resources assessment 2010 (i Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
5 Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
6 Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
7 Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
8 World Bank 2006 (i Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan)
9 Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
10 Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
11 Combatting Illegal Logging – Lessons from EU FLEGT Action Plan
12 http://wwf.panda.org/about_our_earth/about_forests/deforestation/forest_illegal_logging/
13 http://wwf.panda.org/about_our_earth/about_forests/deforestation/forest_illegal_logging/